# Tionscadal Treisithe Eangaí – Cill Dara Baile Átha Cliath

## Comhairliúchán maidir le Teicneolaíocht an Chiorcaid ó Bhaile Stíl go Carraig Mhaighin


EOLAS DON PHOBAL

Bealtaine 2026

EirGrid.ie/KildareDublin







# Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachas na hÉireann, ag tabhairt cumhacht ón áit a ngintear í chuig an líonra dáilte a chuireann an leictreachas a mbímid ag úsáid gach lá inár gcuid tithe, gnólachtaí, scoileanna agus ospidéal ar fáil.

Chun tacú le spriocanna in-athnuaite, ní mór dúinn cur go mór le líon an leictreachais a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite inár líonra. Sin é an fáth a bhfuilimid ag cur chun cinn an chláir oibre is uaillmhianaí dá ndearnadh riamh sa chóras tarchurtha in Éirinn.

Áirítear leis sin treisithe, uasghráduithe, agus bonneagar nua fud fad na tíre.

I mí na Samhna 2024, bhíomar i dteagmháil leat chun eolas a roinnt leat maidir le tionscadail treisithe eangaí a bheidh ag teacht chun cinn i do cheantar. Táimid anois ag dul i mbun rannpháirtíocht le pobail áitiúla, le páirtithe leasmhara agus le húinéirí talún maidir leis na roghanna teicneolaíochta le haghaidh ciorcad nua a cheanglóidh fostáisiún beartaithe nua i mBaile Stíl leis an bhfostáisiún atá ann cheana i gCarraig Mhaighin.



**Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán, agus iontaofa leictreachas na hÉireann.**

# Cad atá i gceist le Tionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara - Baile Átha Cliath?

Is ionann Tionscadal Treisithe Eangaí – Cill Dara-Baile Átha Cliath agus clár oibreacha beartaithe lena rachfar i ngleic le fás leantach an éilimh ar leictreachas sa réigiún, a bhfuil roinnt earnálacha taobh thiar de.

**Áirítear leo sin:**

- Tithíocht chónaithe;
- Forbairt tráchtála agus thionscail;
- leictriú teasa (teaschaidéil) agus iompar (feithiclí leictreacha agus iompar poiblí); agus comhtháthú na nasc fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Tá an bonneagar leictreachais atá i gceantar Chill Dara Thoir agus Bhaile Átha Cliath Theas i mbaol teorainn a thoillte a bhaint amach.

Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas seo, tá gá le bonneagar nua chun soláthar leictreachais iontaofa, inbhuanaithe chuig pobail, cónaitheoirí, scoileanna agus gnólachtaí a chinntiú.

**Áirítear le hoibreacha beartaithe an tionscadail:**

- Fostáisiún nua i gceantar Bhaile Uí Eidhin
- Fostáisiún nua i gceantar Bhaile Stíl
- Ciorcaid ghaolmhara chun na fostáisiúin nua seo a nascadh lena chéile, agus leis an eangach leictreachais



# Cad a tharla go dtí seo?

I mí Bealtaine 2025, reáchtáil EirGrid comhairliúchán poiblí dírithe ar na criosanna is fearr a aimsiú chun an dá fhostáisiún nua a lonnú.

An t-aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin sin, táthar á chur san áireamh agus na láithreáin chuí á gcinneadh. Is féidir teacht ar thuarascáil le heolas ar thorthaí an chomhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin EirGrid.ie/KildareDublin.

Chinn EirGrid le déanaí gurb é an réiteach teicneolaíochta is fearr feidhmíocht don chiorcad a nascann an dá fhostáisiún lena chéile, agus leis an bhfostáisiún atá ann cheana féin i Maigh Nuad, ná trí chábla faoi thalamh. Cinneadh tríd an bpróiseas measúnaithe ilchritéir (MCA) nach mbeadh línte lastuas ina rogha do cheachtar de na bealaí ciorcaid seo. Is féidir níos mó a léamh faoin gcaoi a ndearnadh an cinneadh sin ar shuíomh gréasáin an tionscadail.

Is é an chéad chéim eile de Thionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara - Baile Átha Cliath ná an rogha teicneolaíochta is fearr feidhmíochta a chinneadh chun an fostáisiún nua in aice le Baile Stíl a nascadh leis an bhfostáisiún atá ann cheana féin i gCarraig Mhaighin.



# Cur chuige sé chéim EirGrid i leith na heangaí leictreachais a fhorbairt

Tá cur chuige sé chéim againn i leith bonneagar nua a thógáil agus áirítear leis sin do chuid tuairimí, mar aon le tuairimí páirtithe leasmhara eile, a bhailiú agus a thuiscint le linn an phróisis seo. San fhoilseachán 'Nocht Do Thuairim' ar ár suíomh gréasán EirGrid.ie, leagtar amach ár ngealltanas athnuaite chun dul i mbun rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus le pobail agus chun éisteacht leo.

**Tá Tionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara- Baile Átha Cliath ag Céim 3 faoi láthair.**

Is é cuspóir Chéim 3 ná an réiteach teicneolaíochta is fearr feidhmíochta, agus an limistéar staidéir lena mbaineann chun an riachtanas ainmnithe a chomhlíonadh, a shainaithint ón ngearrliosta de roghanna a sainaithníodh roimhe seo ag Céim 1 agus ag Céim 2.



| Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 | Céim 5 | Céim 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| Conas a dhéanaimd riachtanais na heangaí leictreachais a aithint? | Cén teicneolaíochaí ar féidir leo na riachtanais sin a chomhlíonadh? | Cén rogha is fearr agus cén ceantair a d'fhéadfaí difear a dheanamh dóibh? | Cá hait go díreach ar cheart dúinn dul i mbun tógála? | Iarratas ar chead pleanála. | Tógáil, fuinnmhiú, (déanamh beo), agus sochair a roinnt. |



# Cad atá ag tarlú anois?




Chun an eangach a neartú, tá ciorcaid ag teastáil chun an dá fhostáisiún nua atá beartaithe i mBaile Stíl agus i mBaile Uí Eidhin a nascadh lena chéile, agus le fostáisiúin atá ann cheana.

Nuair a dhéanaimid uasghrádú ar an eangach, breithnímid teicneolaíochtaí éagsúla chun roghanna oiriúnacha a chruthú. Airítear leis sin cé acu líne lastuas nó cábla faoi thalamh atá oiriúnach do thionscadal ar leith.

Tá comhairliúchán poiblí á reáchtail ag EirGrid anois chun aiseolas a fháil ar na roghanna teicneolaíochta do chiorcad nua atá ag teastáil chun an fostáisiún nua beartaithe i mBaile Stíl a cheangal leis an bhfostáisiún i gCarraig Mhaighin.

Is gné lárnach de Tionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara - Baile Átha Cliath é an ciorcad seo. Oibreoidh sé ag 220kV ar dtús ach tógfar é chun go mbeidh sé in ann oibriú ag 400kV amach anseo, más gá. Leis an gcur chuige seo, cuidítear leis a ngá a bheadh le hoibreacha nó uasghráduithe ar an gciorcad seo amach anseo a íoslaghdú.

Cé go bhfuil an fhoireann tionscadail ag leanúint den mheasúnú ar roghanna bealaigh féideartha do réitigh lastuas agus faoi thalamh araon, cabhróidh an t-aiseolas a gheofar le linn an chomhairliúcháin seo le cinneadh a dhéanamh maidir leis an teicneolaíocht is oiriúnaí.


Eochair
Limistéar Staidéar Treisithe Eangaí
Limistéar Staidéir
Fostáisiúin
Má Nuad
Maynooth
Baile Bhlainséir
Blanchardstown
M4
Léim an Bhradáin
Leixlip
Leamhchán
Lucan
N4
Páirc an Fhionnuisce
Phoenix Park
Cill Droichid
Celbridge
M50
Inse Chór
Inchicore
Cluain Dolcáin
Clondalkin
Baile Adaim
Adamstown
Teach Srafáin
Staffan
Mullach na Pise
Peamount
N7
Teach Mealóg
Templeogue
Ard Cloch
Ardclough
An Caisleán Nua
Newcastle
Tamhlacht
Tallaght
Ráth Cúil
Rathcoole
Bóthar an Mhuilinn Ghaoithe
Windmill Rd
Teach Sagard
Saggart
N81
Baile an tSaoir
Ballinteer
M50
5
6
Baile Stíl
Steelstown
N7
Bóthar na Bruíne
Bohernabreena
Áth an Ghainimh
Sandyford
Baile Baodáin
Ballyboden
L2109
Bóthar Bhaile Sheáin
Johnstown Rd
An Chill
Kill
Club Thine Ifrinn
Hell Fire Club
An Chéim
Stepaside
Baile an Phóirtéaraigh
Porterstown
Binn Trí Charraig
Three Rock Mountain
Fostáisiún Charraig Mhaighin
Carrickmines Substation
An Briotás
Brittas
L2108
Cill Chéile
Kilteel
Gleann Cuilinn
Glencullen
N81
Gleann Crí
Glencree
Baile Éide
Eadestown
Cill Bhríde
Kilbride
Baile Coimín
Blessington
Cipiúr
Kippure
Áth na Sceire
Enniskerry

## Conas a dhéanaimid teicneolaíocht a mheas?

Déanann EirGrid measúnú ar roghanna teicneolaíochta faoi chúig chatagóir chun na roghanna atá indéanta a chinneadh:

- **Gnéithe teicniúla**
  comhlíontacht le caighdeáin agus gnéithe oibriúcháin
- **Tosca eacnamaíochta**
  costais chur chun feidhme
- **Tosca comhshaoil**
  an bhithéagsúlacht, gnáthóga, seandálaíocht
- **Tosca soch-eacnamaíochta**
  amhail an geilleagar áitiúil agus taitneamhachtaí
- **Tosca inseachadachta**
  amhail amlínte agus rioscaí féideartha




**Déanann EirGrid measúnú ar roghanna teicneolaíochta faoi chúig chatagóir chun na roghanna atá indéanta a chinneadh**

Is féidir tuarascáil mhionsonraithe maidir le measúnú EirGrid a léamh, agus an tuarascáil sin a íoslódáil, ar shuíomh gréasáin an tionscadail EirGrid.ie/KildareDublin.

Rinne an próiseas MCA seo measúnú ar na trí rogha teicneolaíochta atá ar fáil don chiorcad ó Bhaile Stíl go Carraig Mhaighin. Meastar gur féidir na trí rogha a sholáthar faoi láthair, cé gur aithníodh rioscaí suntasacha le gach rogha.

Tá roinnt tosca le cur san áireamh agus an ciorcad seo á thógáil. Cuimsítear leis an limistéar staidéir pobail a bhfuil daonra mór iontu agus tír-raon tuaithe níos dúshlánaí. Ina theannta sin, ní mór gnéithe oidhreachta cultúrtha agus áiseanna pobail a chur san áireamh agus an teicneolaíocht is oiriúnaí don bhealach seo á sainaithint.

Tá an gréasán bóithre idir an dá fhostáisiún teoranta, agus tá go leor bóithre áitiúla cúnga laistigh den limistéar staidéir. Dá bhrí sin, bheadh gá le bearta bainistithe tráchta atá pleanáilte go cúramach le haghaidh gníomhaíochtaí tógála, mar aon le rannpháirtíocht leanúnach leis na húdaráis áitiúla.

Baintear leas as cáblaí faoi thalamh in áiteanna ar fud eangach leictreachais na hÉireann. Níl siad oiriúnach do gach cineál timpeallachta, áfach.

Níl aon réiteach amháin ann a oibríonn i ngach cás agus línte lastuas á mbreithniú i gcomparáid le cáblaí faoi thalamh. Ina áit sin, déanaimid measúnú ar gach tionscadal ina aonar chun an rogha is fearr a oireann don cheantar áitiúil a aithint agus eangach leictreachais na hÉireann á daingniú don todhchaí ag an am céanna.

Leagtar amach sa chuid seo a leanas na trí rogha teicneolaíochta atá á mbreithniú faoi láthair. Tá tuarascáil ar leith ina bhfuil tuilleadh eolais mhionsonraithe faoi na roghanna teicneolaíochta seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail ag: [EirGrid.ie/KildareDublin](EirGrid.ie/KildareDublin).



## Cén teicneolaíochtaí atá á mbreithniú?

Tá trí rogha á mbreithniú don chiorcad seo. Is iad sin:

- **Cábla faoi Thalamh (UGC) nua 400kV feadh an bhealaigh iomláin**
- **Líne Lastuas (OHL) nua 400kV feadh an bhealaigh iomláin**
- **Líne lastuas (OHL) nua 400kV le beagán de leagtha faoi thalamh**

Is féidir teacht ar thuarascáil le níos mó eolais faoi na roghanna teicneolaíochta seo ar shuíomh gréasáin an tionscadail [EirGrid.ie/KildareDublin](EirGrid.ie/KildareDublin).




*Samplaí de ghhnáth-shuiteáil cábla faoi thalamh*

## Cábla Faoi Thalamh (UGC)

Leis an rogha seo, chuirfí an ciorcad faoin talamh ag baint leas as cáblaí saindeartha, atá inslithe go trom. Féachfaidh EirGrid, nuair is féidir, leis an ngréasán bóithre a úsáid chun cáblaí a shuiteáil mar go gceadaítear rochtain níos éasca leis sin don chothabháil agus deisiúchán fadtréimhseach.

Is cábla XLPE ardvoltais le croí copair nó alúmanaim an cábla a úsáidfí, suiteáilte i nduchtanna plaisteacha faoi thalamh. Tá gá le bánna siúntála, mar a thaispeántar san íomhá thuas, chun codanna den chábla a cheangal lena chéile agus beidh siad suite ag eatraimh de thart ar 600-800m feadh an bhealaigh.

Cé go mbaintear infheictheacht an bhonneagair tarchuir ón tírdhreach le cáblaí faoi thalamh, teastaíonn tréimhsí níos déine agus níos faide de ghníomhaíocht tógála uathu, lena n-áirítear tochailt feadh fhad iomlán an bhealaigh. Is féidir go dtógfaidh aimsiú fabhtanna agus cothabháil níos faide i gcomparáid le línte lastuas, rud a mhéadaíonn an tionchar ar phobail áitiúla.

Tá roinnt buntáistí agus míbhuntáistí sainaitheanta inár measúnuithe go dtí seo ar an rogha UGC mar atá leagtha amach anseo. Ní liosta uileghabhálach é sin agus tá measúnuithe fós ar bun.

**Buntáistí**

- Tionchar amhairc níos lú
- Níos iontaofa i ndálaí adhaimsire
- Saol fada seirbhíse
- Cothabháil íseal

**Míbhuntáistí**

- Níos mó cur isteach ar an ngréasán bóithre
- Fabhtanna níos deacra a aimsiú agus a dheisiú
- Costais suiteála i bhfad níos airde
- Ní féidir dul trí na fóntais faoi thalamh atá ann cheana féin
- D’fhéadfadh go mbeadh bealach níos faide ag teastáil ag brath ar fhóntais eile agus ar an mbealach atá ar fáil

## Líne Lastuas (OHL)

Le línte lastuas, ceadaítear diomailt teasa éifeachtach agus tá siad deartha chun freastal ar chaighdeáin dhiana sábháilteachta agus innealtóireachta. Is féidir cigireacht agus cothabháil a dhéanamh orthu go réasúnta éasca thar shaolré an bhonneagair.

Leis an gcuid lastuas, soláthrófar ciorcad nua ag baint leas as sraith túr a iompraíonn seoltóirí os cionn na talún. Is é sin an cur chuige caighdeánach maidir le tarchur leictreachais fadachair in Éirinn, rud a sholáthraíonn bealach iontaofa agus éifeachtúil chun méideanna móra cumhachta a bhogadh ar fud an líonra.







Bunaithe ar ár gcuid measúnuithe, bheadh riosca ard ag gabháil le líne lastuas ceann-go-ceann ó thaobh inseachadacht de. Tá dúshláin shonracha ann a bhaineann le líne lastuas 400 kV a thabhairt go díreach isteach i bhfostáisiún Charraig Mhaighin go sonrach.



### Buntáistí

- Costais níos ísle suiteála agus ábhair
- Is féidir í a thógáil go tapa
- Níos éasca a dheisiú, a mhaoirsiú agus a chothabháil
- Níos oiriúnaí do gach cineál talún, lena n-áirítear tírdhreacha casta

### Míbhuntáistí

- Níl cuma ró-tharraingteach uirthi
- Níos leochailí i leith damáiste de dheasca stoirmeacha agus dálaí drochaimsire
- Soghabhálach i leith cur isteach ag daoine
- Bainistiú leanúnach fásra de dhíth

# Líne lastuas (OHL) le beagán di faoi thalamh

Bunaithe ar ár gcuid measúnuithe, d'fhéadfadh cábla faoi thalamh i gceantar Charraig Mhaighin bealach indéanta a chur ar fáil chun ceangal leis an stáisiún agus castacht theicniúil a íoslaghdú ag an am céanna.

Lenár gcuid measúnuithe, aithníodh an fhéidearthacht an tionscadal seo a sholáthar ag baint leas as meascán de theicneolaíochtaí Lastuas agus Faoi Thalamh. Is féidir an ciorcad idir Carraig Mhaighin agus Baile Stíl a chur ar fáil ag baint leas as línte lastuas, agus chuirfí cuid níos giorra faoi thalamh in aice le fostáisiún Charraig Mhaighin. Chuirfeadh sé seo ar chumas an tionscadail cothromaíocht a bhaint amach idir feidhmíocht, riachtanais tógála agus breithnithe foriomlána comhshaoil.

## Buntáistí

- Cuirtear réitigh ar fáil le haghaidh pointí ardbhrú ar leith a fheabhsaíonn an cumas soláthair.
- Mar a luadh roimhe i gcás UGC agus OHL araon

## Míbhuntáistí

- Gá le cuid den talamh le hullmhóid feidhmchláir OHL go UGC atá ag teastáil chun an cábla a aistriú ón talamh go dtí an cábla lastuas
- Mar a luadh roimhe i gcás UGC agus OHL



Gnáth-Ullmhóid Feidhmchláir OHL go UGC

# Nocht Do Thuairim

Ba bhreá linn do thuairimí a chloisteáil maidir leis na roghanna teicneolaíochta féideartha. Cabhróidh aiseolas uait, mar aon le measúnuithe breise, suirbhéanna agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile, linn cinneadh a dhéanamh faoi na roghanna teicneolaíochta is ceart a thabhairt chun cinn don chéad chéim eile.

**Beidh an comhairliúchán poiblí ar siúl ón 12 Bealtaine go dtí an 10 Iúil.**

Tá sonraí uile an tionscadail, lena n-áirítear tuarascálacha mionsonraithe agus leagan in-íoslódáilte den cháipéis seo, ar fáil le hamharc orthu agus lena n-íoslódáil ar ár suíomh gréasáin ag EirGrid.ie/KildareDublin.

Déanfar an t-aiseolas a bhaileofar a athbhreithniú agus a bhreithniú agus imreoidh sé tionchar ar an dearadh nuair is féidir sin. Is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus aiseolas a thabhairt ar go leor bealaí:

- **Ar Líne:**
  Consult.EirGrid.ie
- **Ríomhphost:**
  KildareDublin@EirGrid.com
- **Foirm Aiseolais**
  Ag ceann dár n-imeachtaí eolais i bpearsa
- **Post:**
  Tionscadal Treisithe Eangaí - Cill Dara - Baile Átha Cliath
  EirGrid cpt An tUbhchruth
  160 Bóthar Shíol Bhroin
  Baile Átha Cliath 4, D04 FW28

**Nuair a bheidh na teicneolaíochtaí is indéanta don tionscadal seo deimhnithe ag tuilleadh measúnuithe agus staidéir, leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil leis na húdaráis ábhartha agus le geallsealbhóirí áitiúla chun rogha bealaí féideartha a bhunú. Cuirfear na bealaí seo ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ag dáta níos déanaí.**

**An dáta deiridh a ghlacfar le haighneachtaí ná an 10 Iúil 2026**

Má bhíonn deacracht ar bith agat do chuid aiseolais a bhreacadh síos, beidh ball den Fhoireann Rannpháirtíochta Pobail in ann tuairimí a thógáil ar an bhfón. Más fearr leat go bhfaighfeá aon eolas a bhaineann leis an gcomhairliúchán tríd an bpost, nó más gá duit é a fháil i bhformáid eile, déan teagmháil linn.

# Imeachtaí Eolais

I gcaitheamh an chomhairliúcháin, beidh sraith d'imeachtaí eolais buail isteach á reáchtáil againn - idir imeachtaí ar líne agus i bpearsa. Leis seo, tugtar deis dúinn eolas a chur faoi do bhráid agus tugtar deis duit labhairt le baill d'fhoireann an tionscadail faoin tionscadal agus freagra a fháil ar aon cheisteanna a bheadh agat sula gcuireann tú do chuid tuairimí isteach.

Tabhair cuairt ar cheann dár gcuid imeachtaí eolais don phobal i bpearsa a bheidh á reáchtáil sna háiteanna seo a leanas ar fud na mbealaí beartaithe chun tuilleadh eolais a fháil agus chun labhairt leis an bhfoireann.

| Dáta agus Am | Suíomh |
|---|---|
| Dé Céadaoin 3 Meitheamh 12 - 8in | Cumann CLG Fánaithe Bhaile Buadáin, Páirc Frank Kelly, Bóthar Chnocán Véineas, An Chraobhach, Baile Átha Cliath |
| Déardaoin 4 Meitheamh 12 - 8in | Ionad Pobail Ráth Cúil, An tSráid Mhór, Ráth Cúil, Co. Átha Cliath |
| Dé Céadaoin 10 Meitheamh 12 - 8in | Cumann CLG Tomás Dáibhís, Bóthar Choill Tobair, Tamhlacht, Baile Átha Cliath, D24 VE22 |
| Déardaoin 11 Meitheamh 12 - 8in | Campas Pobail Samuel Beckett, Cúirt Bhaile Uí Ógáin, Baile Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 18, D18 HT72 |

## Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil le:



### Stephen Quinn

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
stephen.quinn2@eirgrid.com
+353 87 001 8084



### Eoghan O'Sullivan

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
eoghan.osullivan@eirgrid.com
+353 87 247 7732

**Scan Anseo do Thairseach Comhairliúcháin EirGrid**

EirGrid

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie